gasnetworks.ie

Líonraí Gáis Éireann

# D'uasghrádú méadair gháis



## An clár athsholáthair méadair





### Ag soláthar an chéad ghlúin eile de mhéadair gháis duit

Bíonn Líonraí Gáis Éireann i gcónaí ag iarraidh do thaithí mar chustaiméir a fheabhsú. Mar chuid den tiomantas sin, táimid ag baint amach méadar gáis níos sine i do limistéar agus ag suiteáil múnlaí nua atá níos nua-aimseartha.

Cuirfear do mhéadar nua isteach gan aon chostas a ghearradh ort agus leis an méid is lú cur isteach ort agus is féidir. Ní ghlactar níos mo ná 45 nóiméad leis an obair a dhéanamh.

Ba mhaith le Líonraí Gáis Éireann an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leat as ucht d'fhoighde agus do chomhoibriú le linn dúinn a bheith ag obair ar an gclár athsholáthair seo.

### Do choinne chun do mhéadar a athsholáthar

Beidh an Clár Athsholáthair Mhéadair ag tarlú i do limistéar sna míonna amach romhainn. Beimid i dteagmháil leat go díreach chun am a shocrú chun do mhéadar nua a shuiteáil.

**Mura bhfeilfidh an t-am a thugtar duit, cuir ar an eolas muid trí ghlaoch ar 1800 427 737.**

## Do mhéadar a athsholáthar – roinnt céimeanna simplí



Mar chuid den chlár d'athsholáthar méadar, ar an meán bímid ag malartú **25,000 méadar in aghaidh na bliana saor in aisce** le haghaidh ár gcuid custaiméirí. Leanfaimid ar aghaidh leis an gclár seo go dtí go mbeidh athsholáthar déanta againn ar na méadair ar fad inár líonra atá feistithe le breis is 20 bliain anuas.

### Idirscor an tsoláthair gháis

- Tabharfaidh ionadaí ó Líonraí Gáis Éireann cuairt ar do theach chun an méadar atá agat faoi láthair a bhaint amach agus chun an méadar nua a chur isteach.
- Beidh orainn do sholáthar gáis a chasadh as ar bhonn sealadach le linn dúinn a bheith ag athsholáthar an mhéadair atá anois agat le méadar nua.
- Ní féidir linn do sholáthar gáis a chasadh air arís go dtí go ndéanfar seiceáil sábháilteachta rathúil. Tá sé den riachtanas go mbeidh duine éigin sa bhaile chun rochtain ar do theach a cheadú dúinn chun an tseiceáil sábháilteachta seo a dhéanamh. Beidh orainn do líne gháis a sciúradh agus cinntiú go bhfuil do chuid fearas gáis ag feidhmiú ar bhealach atá sábháilte.
- Beidh cigireacht sábháilteachta á déanamh againn freisin (I.R. 813 Iarscríbhinn E). Seirbhís bhreise í seo atá á sholáthar againn dár gcustaiméirí in aisce chun a chinntiú go bhfuil na píopaí inmheánacha agus na fearais gháis nádúrtha ag feidhmiú ar bhealach atá sábháilte.
- Déanfar gach iarracht a chinntiú go mbeidh an t-idirscor seo chomh gearr agus is féidir.

## Ceisteanna coitianta



**An cuma cén chuideachta sholáthair gháis a bhfuil mé leo?**
Is cuma. Ceanglaíonn Líonraí Gáis Éireann gach custaiméir gáis leis an líonra, beag beann ar an gcuideachta sholáthair gháis nádúrtha a bhfuil tú leo.

**Cén fáth a bhfuil mo mhéadar gáis á athsholáthar?**
Tá cur chuige réamhghníomhach ag Líonraí Gáis Éireann ó thaobh cinntiú go soláthróimid an tseirbhís is fearr agus is féidir d'ár gcustaiméirí. Táimid ag tabhairt faoin gclár seo mar sin chun seanmhéadair a athsholáthar leis an gcéad ghlúin eile méadar.

**Cén costas a ghearrfar orm chun an méadar nua a shuiteáil?**
Ní bheidh ort íoc as an méadar nua a chur in áit do sheanmhéadair. Mar sin féin, chun eolas a fháil ar sheirbhísí nach bhfuil san áireamh sa chlár seo, féach ar an rannán ábhartha den bhileog faisnéise seo.

**Cén fhad a thógfaidh sé mo mhéadar a athsholáthar?**
Ba cheart go dtógfadh sé isteach is amach le 45 nóiméad chun gnáthmhalartú méadair a chur i gcrích. Má thagann aon deacracht nach rabhthas ag súil léi chun cinn, áfach, d'fhéadfadh sé níos mó ama a thógáil. Déanfar gach iarracht chun a chinntiú go mbeidh an t-idirscor soláthair is lú agat, agus go gcuirfear an malartú méadair i gcrích ar mhodh tráthúil.

**An gcasfar an gás as le linn na suiteála?**
Casfar as an soláthar gáis do do theach le linn na tréimhse ama a bheidh ag teastáil chun do mhéadar a mhalartú agus chun cigireacht sábháilteachta a dhéanamh i do theach.

**An suiteálfar an méadar nua san áit chéanna leis an méadar atá agam anois?**
Suiteálfar do mhéadar nua san áit chéanna.

**Tá mo bhosca méadair lasmuigh de mo phríomhdhoras, cén fáth a gcaithfidh sibh teacht isteach sa teach?**
Ní mór dúinn seiceáil sábháilteachta a dhéanamh chun a chinntiú go bhfuil an gás ag dul chomh fada le gach ceann de na fearais gáis nádúrtha atá agat.

**Céard é cigireacht sábháilteachta?**
Beidh cigireacht sábháilteachta á déanamh againn ar na píopaí gáis inmheánacha agus ar na fearais gháis nádúrtha atá i do theach ag teacht le I.R. 813 Iarscríbhinn E.

**An féidir am na coinne a shocrú le haghaidh am éigin eile?**

Rachfar i dteagmháil leat roimh ré chun am na coinne a shocrú. Is féidir am do choinne leis an suiteálaí a shocrú le haghaidh am éigin eile trí theagmháil a dhéanamh linn ar **1800 427 737**.

**Cén sórt céannachta a ba cheart dom a iarraidh?**
Beidh suaitheantais chéannachta a mbeidh grianghraf orthu ag ár gconraitheoir suiteála agus aithneoidh sé seo iad mar chonraitheoirí Líonraí Gáis Éireann.

Cabhróidh an Clár Athsholáthair Mhéadair Gháis chun a chinntiú go leanfaidh Líonraí Gáis Éireann ag soláthar seirbhís den scoth dá gcuid custaiméirí.

Cinnteoidh an togra freisin go mbeidh líonra gáis na hÉireann mar cheann de na líonraí is nua-aimseartha ar domhan i gcónaí, líonra a sholáthraíonn rochtain ar ghás nádúrtha, an breosla iontaise is báúla don chomhshaol, 24 uair in aghaidh an lae, 365 lá in aghaidh na bliana.

## Céard nach bhfuil san áireamh leis an gclár athsholáthair mhéadair?

- Ní dhéantar athlonnuithe méadair go huathoibríoch leis an gClár Athsholáthair Mhéadair. Más mian leis an gcustaiméir an méadar a athlonnú, ní mór iarratas ar leith a dhéanamh do Líonraí Gáis Éireann. Eiseofar luachan agus ní mór íoc as sula dtosófar ar an obair.
- Má thagann sé chun solais le linn na cigireachta sábháilteachta ar shuiteáil gháis an chustaiméara go bhfuil fearas gáis agus / nó an píopa inmheánach soláthair gháis (taobh an chustaiméara den mhéadar) lochtach, déanfar é a aonrú ag teacht le nósanna imeachta sábháilteachta. Is é freagracht an chustaiméara é an fearas agus / nó na píopaí a dheisiú.

Seo a leanas na príomhshonraí teagmhála do Líonraí Gáis Éireann:

**Líne Thionscadail**
**1800 427 737**
Ón Luan go dtí an Aoine 8rn – 8in agus Dé Sathairn 9rn – 5.30in

**Fiosrúcháin Ghinearálta**
**1800 464 464**

**Seirbhís Éigeandála 24 uair an chloig**
**1800 20 50 50**

**networksinfo@gasnetworks.ie**
**@GasNetIRL**

**gasnetworks.ie**

Téigh, le do thoil, chuig ár leathanach gréasáin agus chuig ár bhfíseán don Chlár Athsholáthair Mhéadair ag **www.gasnetworks.ie/mrp** chun tuilleadh eolais a fháil faoin gclár.

CL 25819/09/2017